

CAITHREACA CEOLMARA 1

ATRÚ SUÍOCÁN

FEARFEASA

ADAR BRÓN AGUS DOILÍOSA DO NÍ HÉ AMÁIN A CÁIRDE AGUS A LUÉT AITEANTAIS, NÍ HÉ AMÁIN DO PÁIRTÍ FÉIN I BRIANNA FÁIL AC DO ZAC PÁIRTÍ SAN TÍR, SEA SCÉALA BÁIS MÍCÍL S. UÍ CINNÉIDE AS CEANN CORC.

BA T.O. É A TUILL ARD MOLAÓ Ó ZAC DUINE A RAIB AIT-NE AIGE AIR. NÍ HÉ NÁ ZO RAIB SÉ TRÉAN AGUS LÁIDIR MA CHAIRIMÍ FÉIN, AC BÍ SÉ DÍREAC, BÍ SÉ IONRAICE, BÍ SÉ TUISCIONAC AGUS SÁSTA ZÉILLEAD ZO MBEAD A DEARCAO FÉIN AG DUINE EILE NAC MBEAD AG CUR LENA DEARCAO SAN.

BA Zael ÉAR ZAC RUD EILE É, AGUS IS MAR Zael AGUS MAR Zaeilgeoir A BÉAS CUMHNE AIR. NÍOR LIG SÉ ARIAM SEANS TÁIRIS LE COMRÁ I NZaeilge A DÉANAMH LENA CÁIRDE AGUS LUÉT AITEANTAIS AGUS GNÓ POIBLÍ AR BÍE A D'FÉADPAÍ A DÉANAMH AMLAÍO, BA TRÉ Zaeilge A DÉANAD SÉ É.

AC IS AISEAC AR PAD AN LEAGAN AMAE POLITICÍÚIL ACÁ AGAINN ANOIS, DE BARR AN POLÚNTAIS IN IARHÍ-LONGPOIRT. LEAGAN AMAE POLAITIÓICHTA NAC BFEICTEAR AC ZO H-ANNAH I OTÍR AR BÍE, AGUS NAC BPAKA MUÍO ROIME IN ÉIRINN LE TAMAIL MAÍE.

MAR IS AMLAÍO ACÁ AN SCÉAL ZO BPUIL PÁIRTÍ FIANNA FÁIL. AGUS SMAOINEAD ZO LÁIDIR AR DUL ÉAN NA TÍRE I OTÓGÉAN ZINEARÁLA, AGUS ZO BPUIL AN PRÍOIM PÁIRTÍ INSAN FHEASÚRA — FINE Zael — AR SEAN NDÍCEALL AR ZAC SLÍ CÚN IAD DO FÁSGAINT ISTÍG ZO CEANN TRÉIMSE EILE.

NAC AIT AN SCÉAL É SIN. D'FÉIOIR ZUR AIT, AC TÁ A CÚIS FÉIN LEIS. DUINE DE PIR ÓGA DÍOGRASACA, CIBÉ FÁ FHEAGRAE FINE Zael, SEA AN SEANADÓIR L'ESTRANGE. BÍ SÉ INA TÍMÉIRE AGUS NA EAGRAICÉOIR ÉIFEADTAC DE PÁIRTÍ. ANIMNIÓO FÁ DÓ É I OTÓGÉAN, AC NÍOR ÉIRIG LEIS CEACETAR UAIR. AN T-AM DEIR- EANNAC, BUAGS SÉ AR AN UASAL Ó SIORADÁIN, FÁ COIMNE ANIMNIÚCÁIN PÁIRTÍ FINE Zael, A FÁIL INSAN DAILCEANTAR. AC, BUAGS AN UASAL Ó SIORADÁIN SUAS MAR NEAMSPLEAC, AGUS DO BUAGS SÉ AR AN UASAL L'ESTRANGE AGUS TÁ SÉ NA TEACETA DÁLA ANOIS.

DÁ MBEAD TOGÉAN MÓR ANN BEAD AN UASAL Ó SIORADÁIN ANIMNIÚCÁIN MAR NEAMSPLEAC ARÍS I TÁ CÚITE SEANS. D'FÉIOIR SEANS NÍOS LÁIDRE, ZO BPAIGEAD SÉ AN SUÍOCÁN ZAN NÓ MÓRÁN TRIOB- LÓIRE, AGUS D'FÁSGAD SÉ SIN AN UASAL L'ESTRANGE AMUIG INSAN FUAET ARÍS, MAR NÍ FÉIOIR LE AON DUINE BUACAIT AR AN ZINEARÁL MAC COIN.

BÍ CAINT UAIR ZO RAIB AN ZINE- EARÁL MAC COIN LE H-ATRÚ ZO OTÍ DAILCEANTAR I MBEAL AEA CLIAE A MBEAD NÍOS LÚ OIBRE AG BHAIT LEIS, AGUS AR NDÓIG, COM MAÍE, D'FÁSGAD SÉ SEO IONAD DO FEAR ANA GNÍOMAC AN PÁIRTÍ — AN UASAL L'ESTRANGE, AC NÍOR TÁIN- IS AON RUO DE SIN. IS DÓCA ZUR FEAR AN OBAR ACÁ AR EOLAS AG- AC NÁ AN SEISTE NAC BPUIL COM CINTÉ, AGUS TÁ AN ZINEARÁL ANN ZO PÓILL AGUS CUMA AIR ZO MBEIO.

AC ANOIS, SEO SEANS MÓR L' ENTRANGE. BUAPAD AN UASAL Ó SIORADÁIN AIR I OTÓGÉAN MÓR, AC NÍL DABE DÁ LAGAD ZO MBUPAD AN UASAL L'ESTRANGE CORR-TOG- ÉAN INSAN IARHÍ.

MAR SIN DE, NÍ RAIB AN UASAL Ó CINNÉIDE MARB FÉIN, NUAIR A BÍ COMARCAÍ LE TACAIRT PÉ NOEAR AR PÁIRTÍ FINE Zael AGUS AR TACADÓIRI AN PÁIRTÍ ZUR MAÍE LEO NAC MBEAD TOGÉAN MÓR ANN. D'FÉARR LEO CORR-TOGÉAN AGUS BÉARPAO SIN SEANS DON UASAL L'ESTRANGE AGUS DÁ BPAIGEAD SÉ A COSA ISTEAC ZO DAIL ÉIREANN FÍO AR PAD CÚPLA SEACETAIN FÉIN, NÓ DÁ MBEAD SÉ TARÉIS BUA DO FÁIL I ZCORR-TOGÉAN, BEAD CÚITE SEANS ZO MBUPAD SÉ AR AN UAS- AL Ó SIORADÁIN, AGUS ZO MBEAD SUÍOCÁN IARHÍ AIGE, AGUS É AR AN BEALAC SUAS ZO OTÍ AN DÍNSE TOSÁI SA PÁIRTÍ.

AGUS CAITPÍO ZO BPUIL TARR- AINGE FÉASÚNTA LÁIDIR AIGE IN- SAN PÁIRTÍ, MAR DÁ LÁ TARÉIS BÁS UÍ CINNÉIDE, BÍ EAGARPOCÁI INSAN "INDEPENDENT" AG COMAIRLÍÚ I AG TARRAINGE AR LEMASS ZAN OUT 'NA TÍRE AC FANAET ISTÍG AR SCOR

AS breathnú SIAR

DONALL MAC AMHLAIBH

DIARDAOIN 11-2-1960.

BHÍ MÉ AG LÉAMH INNIU SA LEORRAI AR MAIDIN NUAIR A DEAR CAN 'FEILMÉAR' ISTEACH THAR MO GHUALAINN GUR LÉIGH SÉ AMACH AN CINN-TEIDEAL A BHÍ AR AN MBILLEOG LÁR. B'AIT LIOM É BHEITH IN DHAN É LÉAMH COMH RÉIDH SIN ÓIR IS ANAMH A D'FHEICTHEÁ FEAR OIBRE GO MAITH AG LÉAMH GAELIGE, GO H-ÁITHRID SA GCLÓ RÓMHÁ-ACH. THUG MÉ DHÓ ANNSIN É AGUS CHAITH SÉ SCATHAIMH DHÁ BHREATHNÚ SUL MÁ THUG SÉ ARAIS DHOM É. DÚIRT MÉ ANN- SIN LEIS GO DTÍURFAINN AR AGHAIDH NÓ AMARACH AMACH CHUIGE COMH LUA IS A GHEOBHFÁINN TRÍD AN BPOST IAD, MAR GUR MHEAS MÉ GO MBÉIDIR GO DTIOCFADH SÉ LEIS AN GCLÓ EILE NÍOS FEARR, THÁLA GUR MÓIDE GO MB'É BHÍ AR SCOIL AIGE. "DHERA IS CUMA LIOM EADTORRA," AR SEISEAN IN NGAEILGE COMH MAITH IS A CHLOISFEÁ, RUD A BHAIN STAD ASAM. D'FHIAFRAIGH MÉ DHE ANNSIN CÉR FHOGHLUIM SÉ A CHUID GHAELIGE AGUS DÚIRT SÉ LIOM GO RABH SÉ ABHFAD I GCRAOBH DE CHONNRADH NA GAELIGE I MBEAL AN MHIISTÉIL- LIGH, AN ÁIT AR AS DÓ. TÁ'S AGAM NACH BHFUIL AON GOIR AG ÉINNE DEN BHEITH SIN AS TUAR Mhic EADAIGH AIR AG LÉAMH GAELIGE MAR THRIAIL MÉ LEIS AN BPÁIPÉAR AN LÁ CHEANA IAD. ACH TIG LEO BÉARLA A LÉAMH COMH MAITH LE DUINE AR BITH — CRUTHÚ NACH MBÍONN FAILLÍ DÁ DHÉANAMH AR AN DTEANGA SIN AR MHAITHE LEIS AN NGAEILGE MAR A BHÍONNS DREAMANNAI ÁITHRID IN EIRINN AG IARRAIDH A CHUR NA LUÍ ORTHAINN!

CHUIR SÉ CEIST CASTA ORM NÍB' FHUIDE ANONN SA LÓ: CÉ CHAOI A NDÉARFÁ IN NGAEILGE: "Come out from under the table." AR NDÓ, BÉIDIR NACH NDÉARFÁ MAR SIN É CHOR AR BITH I NGAEILGE, AGUS NUAIR A CHEISTNIGH MÉ AN DÁ DHRIOTH- ÁR, TOMÁS AGUS TADHG, FAOI, NÍOR FHÉAD CEACHTAR ACU A DHUL NÍOS GHIORRA DE NÁ "Te- ara amach ó'n mbord." SÉ'N CAOÍ CEART LE'N É RÁ, MÁ'S FÍOR DON FHEILMÉAR NÁ: "Tar am- ach ó bheith istigh faoin mbord," ach ní ghlaefadh lads THUAR Mhic EADAIGH LEIS SIN CHOR AR BITH.

OS AG CAINTT AR AN BHFEIL- MÉAR É, TÁ SORT BARRÚIL AGAM GO BHFACE MÉ AN LAD SIN IN ÁIT EICINT CHEANA, ACH TÁ SÉ CIN- TE GLAN ORM A CHUIMHNÍÚ CÉ'N ÁIT.

BHÍ CIOTHANNAI FLÍCH- SHNEACHTA AN-THROM AR MAID- IN ANN AGUS FAOI AM DINNÉARA BHÍ SÉ RÓ-DHONA LE BHEITH AM- UICH FAOI. CHUAIDH CUID DE NA BUACHAILLÍ AG IMIRT CÁRTAÍ IST- IGH SAN "Elephant" (AN BOTHÁN CANFÁIS A BHÍONNS MAR

DÁ LAGAD AG IARRADÓIR DO CHUIO FIANNA FÁIL OUT ISTEAC ANSIN I ZCORR-TOGÉAN.

MAR SIN DE, FÉADPAR A BEIT AG SÚIL LE TOGÉAN MÓR TARÉIS CORR-TOGÉAN CORCAÍ TIMPEALL AN CÁISE SEO AGAINN. NÍ BEAD FÉIOM LE ZLUAISEAC CORR-TOGÉAN A CHUR AR SÚIL ZO CEANN MÍOSA TAR ÉIS BÁS UÍ CINNÉIDE. SIN ZO OTÍ TIMPEALL LÁR MÁRCA. INA DÍAD SIN, BEIO DUINE AG ZGÍOSAD AR AN RIALTAS AGUS AG IARRADÓIR ORCA AN CORR-TOGÉAN A CHUR AR SÚIL. NÍ CHURPEAR AR SÚIL É. AC, AM ÉISIM IOR SIN AGUS CÁISE, D'FÉIOIR NUAIR A BÉAS AN DAIL AG SCOR UM CÁISE, NÓ D'FÉIOIR TARÉIS SCÓO NA DÁLA, ZO BPAIGÉAR TOG- ÉAN MÓR, AGUS NACADÓ LEMASS 'UN NA TÍRE.

CIBÉ MAR RACAS AN TOGÉAN MÓR — SIN CEIST EILE.

FEARFEASA.

fasgadh ó'n aimsear againn)

agus d'éaluigh tuille acu leo i dtreo an tabhairne tá leath mhíle slí suas an bhóthair. Nuair a d'fhill siad, d'aithne- óchá ar chuid acu go rabh braon nó dhó istigh acu, agus bhí Tadhg ar dhuine acu sin. Ní shásódh an diabhal é ach dul ag carruiocht le duine eicint agus ó bhí Issach in gar dó ba air a thosuigh sé. B'fhactas dhom fhéin go rabh sé a' dhul ró-fhada leis uilig mar ealaoin agus ba léir nach rabh Issach bocht ag túirt aon taitheamh as ach oiread. Lúb Tadhg a lámh siar le'n a dhruim ar bhealach a chaithfeadh é ghórtú agus thosuigh gach dá rabh istigh sa mbothán ag cur spéis sa rud mar go mb' fhactas dúinn go mba fánach an rud a thairringeódh ach- rann an uair sin. Ní bhéadh aon groith ag Issach bocht 'dul ag plé le Tadhg. muis, mar gur minic cheana a chroch Tadhg den talamh é ag déanamh spraoi leis. Ach nuair a labhair sé ar dheire ba léir nach rabh aon fhait- íos roimh an Eireannach air, agus bhí fearúlacht agus dínit sa gcaoi ar labhair sé. "That's enough now Tim," ar seisean, "don't hurt me. I make play with everyone but I never hurt no one. Let my hand go now, that's a good boy!"

Scaoil Tadhg saor é, mar is dói gur aithn sé ar an mbeal- ach inar labhair an Gormach go mba tuatach an rud a bhí dá dhéanamh aige. Easpa tuisciona agus iomarca bheódhas a bheith ann is cionntach leis sin mar ní droch lad chor ar bith é, muis. Níor laghduigh an sneachta a dhath ar fea abhfad ach b'éigean dúinn a dhul amach agus an trínse sin a bhí leath-dhéanta ag- ainn a bhaint amach in iom- lán agus na píopaí a leagaint, sul dár fhéad muid dhul abhaile. Is amhlaidh nach féidir an trínse fhágáil os- cailte mar sin ar fhaitcíos go lagfaí an líne mar is fánach an rud a chuirfeadh traen scioptha den ráille.

Leitir ó Pádraig O Coin- ceannainn ar mo fhilleadh abhaile anocht. Tá ceol- téama Mise Eire molta go spéir aige, ach ní fhaca sé an peictiúr fós. Droch-sheans má fheicim fhéin go deo é. Thiúrfainn go leor ar é fheic- eáil.

DIA HAOINE, 12-2-1960.

Brat sneachta romhainn nuair a chuaidh muid amach ar maidin; ba gheall leis an mí seo chaithe arís i le'n a rabh den stuif geal thart-tim- peall. Chaith mé an céad cuid den lá in éindigh le Góilín ag scaradh luaithe ar an gcasán agus tháinig lad eile ag túirt cóngnamh dúinn. Thosuigh Góilín ag déanamh grinn leis láithreach.

"Tá fear nua annseo inniu againn," ar seisean. "Níor theastaigh aon fhear eile fós uaim ach labhair sagart ar a shon agus níor mhaith liom diúltú dhó. Ach mura mbíonn sé feiliúnach féadfaidh tú é rá liom agus leigfidh mé 'un bhealaigh arís é." Duine den dream is deireannaí a thos- uigh annseo, an lad óg seo, agus ní rabh fhios aige beo céard a dhéanfadh sé de Ghóilín. Annsin, rug Góilín ar a shlúasad agus chur sé a bhéal leis an ndoirín. mar dhó d'e gur mícrofóin a bhí

aige.

"Anois tá fear óg annseo sa studio agam nach bhfuil abhfad teagtha anall as Eir- inn," ar seisean. "Gabh leith annseo a mhic ó, agus innis dúinn céard a thug anall ann- seo thú. Ar thóir oibre? Cé nach bhfuil aon obair sa mbaile agaibh? Níl? Dona go leor, muis! Agus céard é do bharrúil don dtír seo? B'fhearr leat sa mbaile? H'm, b'fhearr leis sa mbaile, deir sé. Anois ar mhaith leat focal ar bith a rá faoi na caiple seo tá dhá geur anonn don Fhrainne len a mhárú. Cé'n caiple? Níor chuala tú tada mar gheall ar chaiple? In ainm Dé cé'n áit ar as duit in Eirinn? Baile Góilín? O, Mother a' God, sure dat ex- plains it!"

Fuair sé bearradh gruaige an lá cheana agus is beag nach dtuiteann a shean-hata anuas thar a chluasa anois. Bhí sean-scairf thart faoin a mhuineál inniu aige agus stumpa de phiopa 'na dhrad, agus dúirt mé liom fhéin nach bhface mé a shamhailt ar- iamh ach fear-sneachta, ach a shlúasad a bhaint dó agus scuab a chur ina lámha.

Chuireadh ag ath-líonadh an trínse théis am dinnéara muid agus bhí an-craic a'm fhéin is ag Tom ag chur síos ar an mbaile. Bhí Tom ag chur chaoi ar shean-fhear as an áit sin acu fhéin a bhí ar fhíor - bheagáin Bhéarla. Bhíodh na buachaillí báire ag Béarlóireacht leis le spraoi fháil air agus d'fhiafraigh duine acu an oíche seo de cé chaoi rabh a mháthair.

"Ora, a stóir, she's dead and put with twenty years," ar seisean. Bhíodh an-thóir ar dhamhsaí aige, freisin, a shean is a bhí sé, agus théigh- feadh sé ar dhruim shean lá- rach ag marcúiocht chuig an halla damhsa.

"Ora, tá an croi óg fós ag- am, a mhúirnín," adéarfadh sé. Bhí sé ag damhsa píosa de jig an oíche seo, ar cuma ar bith, agus na buachaillí is na cailíní cruinnithe timpeall air, dá griosadh, nuair a scaoil duine eicint an t-sean láir a bhí ceanglaithe taoibh muich aige agus b'éigean dó é shiúil abhaile breis agus ceithre mhíle slí. Ach níor mharbhuigh an íde sin a shuim san aeríocht, deir siad.

Bhí garraí beag ar chúl an tí aige agus gan a dhath riamh ag fás istigh ann ach raitheach, mar bhí sé ró-leis -ciúil is ró sheafóideach le aon cheo a chur ann. D'fhiaf- ruigh duine de na lads dhó an lá seo cé rabh na caoirigh aige.

"Ora, a stór, tá siad thiar sa gearraí ag ithe na "vege- bales" ar seisean.

Ní mórán baile ar bith thiar in Eirinn nach mbíodh leithéide an t-seanára údán ann ag soláthar grinn do na buachaillí báire, ach creidim go bhfuil siad ag éirí gann an- ois. Bhí simplíocht breá ag baint le cuid den t-sean dream ach ní bhídís comh sónta amach is amach is mar a bhíodh siad ag leigin orthu fhéin. Ní bheidh aon obair dúinn an Domhnach seo, is cosúil, in gceall ar an stailc. Níor chinn siad ar aon réite- ach fós ar chaoi ar bith.

NOTA: Ag na Connallaigh tá reidhteach na faidhbe sin Gaeilge a chur ar "Come out from under the table." "Tar amach as faoin mbórd" tá aca sin.